CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

GA

Preasráiteas

Lucsamburg, 11 Eanáir 2023

Taisteal a éascú le linn na paindéime: d'oibrigh Deimhniú Digiteach COVID an Aontais, ach níor oibrigh uirlisí eile chomh maith céanna

Chabhraigh Deimhniú Digiteach COVID an Aontais le srianta taistil a chomhordú idir tíortha an Aontais agus bhí sé éifeachtach i ndáil le taisteal a éascú le linn phaindéim COVID-19. Is beag an tionchar a bhí ag uirlisí eile an Aontais, áfach, de réir tuarascála a d'fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí an Aontais. Bhog an Coimisiún Eorpach go tapa i dtreo réitigh oiriúnacha teicniúla a mholadh, dar leis na hiniúchóirí. Mar sin féin, bhí éagsúlacht shuntasach in úsáid na n-uirlisí sin ag tíortha an Aontais, mar sin, bhí a dtionchar ó thaobh taisteal a éascú míchothrom. Iarann na hiniúchóirí ar an Aontas é féin a ullmhú, ionas gur féidir leis dul i ngleic le héigeandálaí a d'fhéadfadh tarlú amach anseo ar bhealach níos rathúla.

I mí an Mhárta, go luath tar éis de na chéad chásanna de COVID-19 a bheith braite san Eoraip, thosaigh tíortha an Aontais ar rialuithe teorann agus srianta taistil a chur i bhfeidhm. In ainneoin a inniúlachta teoranta sa bheartas sláinte poiblí, rinne an Coimisiún Eorpach tionscnaimh éagsúla chun teorainn a chur le tionchar na mbeart seo ar an tsaorghluaiseacht. Go háirithe, d'fhorbair sé roinnt uirlisí chun taisteal a éascú agus chun cabhrú le cásanna dearfacha COVID-19 a rianú. Áirítear leis seo, tairseach rianaithe teagmhálaithe, foirmeacha digiteacha aimsithe paisinéirí agus ardán chun gur féidir le Ballstáit iad a mhalartú, agus Deimhniú Digiteach COVID an Aontais. Sholáthair an tAontas €71 mhilliún d'fhorbairt na n-uirlisí TF sin.

Fuair na hiniúchóirí go raibh cistiú curtha ar fáil ag an gCoimisiún Eorpach go tapa, agus go raibh cur chuige pragmatach tógtha aige maidir le huirlisí a fhorbairt faoi shrianta ama. Thosaigh an tairseach rianaithe teagmhálaithe ag feidhmiú díreach seacht mí tar éis thús na paindéime, agus tugadh Deimhniú Digiteach an Aontais i gcrích sula raibh pleananna vacsaínithe tugtha i gcrích ag tíortha an Aontais. Os a choinne sin, forbraíodh foirmeacha aimsithe paisinéirí ró-dhéanach – sa mhéid gur cuireadh roinnt réitigh náisiúnta ar fáil níos luaithe. Thug na hiniúchóirí ar aire freisin nár éirigh leis an gCoimisiún Eorpach an imní a bhí ar Bhallstáit áirithe faoi úsáid a bhaint as uirlisí an Aontais a mhaolú; bhí an imní sin orthu mar gheall ar chosaint sonraí agus ábhair imní eile a bhaineann leis an dlí, agus mar gheall freisin go raibh a n-uirlisí náisiúnta féin forbartha acu cheana. Go ginearálta, áfach, thug an Coimisiún aghaidh ar chúiseanna imní i ndáil le cosaint sonraí agus chuir sé dea-chleachtais slándála TF i bhfeidhm.

Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na Tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag eca.europa.eu.

ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg
E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu

"*Bhí sé ríthábhachtach go nglacfadh tíortha uile an Aontais uirlisí coiteanna chun srianta saorghluaiseachta a chomhordú agus taisteal a éascú in ainneoin go raibh staid ann nach bhfhacthas a leithéid riamh roimhe sin"* a dúirt Baudilio Tomé Murguruza, an Comhalta den Chúirt atá freagrach as an iniúchadh. "*Níor bhain Ballstáit úsáid as uirlisí uile an Aontais, agus níor léiríodh rath Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais in uirlisí eile*."

Níor bhain ach ceithre Bhallstát úsáid as foirm dhigiteach aimsithe paisinéirí an Aontais agus, as na 27 milliúin foirm a eisíodh faoi mhí Feabhra 2022, is tír amháin de chuid an Aontais, an Iodáil, a d'eisigh breis agus 9 as 10 gcinn díobh. Ar an gcaoi chéanna, is ar éigean a baineadh úsáid as an ardán malartaithe in aon chor, ní raibh ach 256 malartú déanta faoi dheireadh mhí Feabhra 2022 (gach ceann seachas ceann amháin ón Spáinn). Bhí éagsúlacht shuntasach le sonrú i nglacadh na bhfeidhmchlár rianaithe teagmhálaithe: faoi mhí Bhealtaine 2022, ghin úsáideoirí ón nGearmáin, inti féin, formhór na sonraí ar an tairseach (83 %). Sa chleachtas, ba é Deimhniú Digiteach COVID an Aontais an t-aon uirlis a úsáideadh i ngach Ballstát, agus fiú ag 45 thír agus chríoch nach bhfuil san Aontas. Eisíodh níos mó ná 1.7 billiún deimhniú faoi dheireadh mhí an Mhárta 2022. Tháinig na hiniúchóirí ar an gconclúid gur chabhraigh Deimhniú Digiteach COVID an Aontais le srianta taistil a chomhordú idir tíortha an Aontais agus bhí sé éifeachtach i ndáil le taisteal a éascú le linn phaindéim COVID-19.

Ar deireadh, tugadh chun solais san iniúchadh go raibh easpa nósanna imeachta sonracha ann maidir le húsáid na n-uirlisí seo san fhadtéarma, nó chun iad a athghníomhachtú go tapa i gcás ina mbeadh gá leo arís. Mar shampla, rachaidh an bunús dlí reatha do Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais in éag i mí an Mheithimh i mbliana; má dhéantar é a athnuachan, is trí ghnáthnós imeachta reachtach an Aontais a dhéanfar é.

Faisnéis chúlra

Clúdaítear leis an iniúchadh seo an tréimhse ó Dheireadh Fómhair 2020 go dtí Meitheamh 2022 agus díríonn sé isteach ar na ceithre uirlis de chuid an Aontais a liostaítear thuas, lena n-áirítear an cistiú AE lena mbaineann. Ní chlúdaíonn sé cistiú AE le haghaidh vacsaíniú in aghaidh COVID-19, rud a ndearnadh measúnú air roimhe seo inár dtuarascáil speisialta ar sholáthar vacsaíní COVID-19 an Aontais Eorpaigh.

Déanann an t-iniúchadh seo tuarascáil speisialta CIE maidir le ceart saorghluaiseachta i gcomhthéacs géarchéime COVID-19 a chomhlánú (a eisíodh i mí an Mheithimh 2022), a bhreathnaigh ar rialuithe teorann Schengen le linn na paindéime.

Tá Tuarascáil Speisialta 01/2023, *'Uirlisí lena n-éascaítear taisteal laistigh den Aontas le linn phaindéim COVID-19 – Tionscnaimh ábhartha, agus tá an tionchar ag dul ó iad a bheith rathúil go dtí úsáid theoranta',* ar fáil ar shuíomh gréasáin CIE (eca.europa.eu).

Teagmháil don phreas

Preasoifig CIE: press@eca.europa.eu

- Vincent Bourgeais: vincent.bourgeais@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 551 502
- Damijan Fišer: damijan.fiser@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 621 552 224
- Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 553 547